Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5081/22**

**ECOFIN 13**
**UEM 7**
**SOC 7**
**EMPL 6**
**COMPET 3**
**ENV 5**
**EDUC 4**
**RECH 6**
**ENER 4**
**JAI 10**
**GENDER 3**
**ANTIDISCRIM 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Nóta míniúcháin - Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan den nóta míniúcháin a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, tar éis chruinnithe an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus Mheitheal an Ghrúpa Euro.

## Nóta míniúcháin

*- Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2022*

In Airteagal 2ab)(2) de Rialachán 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, ar cuid é den roinn maidir le "Idirphlé Eacnamaíoch", cuirtear an méid seo a leanas in iúl: *"Táthar ag súil go ndéanfaidh an Chomhairle de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí".*

Leis seo, i dtaca leis an "riail comhlíon nó mínigh" sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na hathruithe a comhaontaíodh ar na Moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) roinnt nithe breise freisin mar aon le hathruithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**<u>Moladh 3 maidir leis an Limistéar Euro</u>**

*An téacs ón gCoimisiún:*

[…] leithdháileadh éifeachtúil caipitil agus infheistíochtaí trasteorann a chur chun cinn. […]

*An téacs a comhaontaíodh:*

leithdháileadh éifeachtúil caipitil san fhíorgheilleagar agus infheistíochtaí trasteorann a chur chun cinn. […]

*Míniú:*

Soiléirítear leis an athrú fócas mholadh 3, atá dírithe ar an bhfíorgheilleagar, agus i moladh 5 cumhdaítear saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil baincéireachta agus leithdháileadh caipitil sa chomhthéacs sin.